| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas - codáin<br>*Naisc Thraschuraclaim - Teanga agus Litearthacht, Corpoideachas* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• freagracht mhéadaitheach a ghlacadh i roghnú agus in úsáid ábhar agus an mhatamaitic atá de dhíth ina gcuid oibre<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• suímh mhatamaiticiúla a léirmhíniú ag úsáid siombailí agus léaráidí cuí |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | codán, tacar, iomlán, in ord, uimhreoir, ainmneoir, simpligh, coibhéis, is mó, is lú, ag ardú, ag ísliú, cur i gcomparáid, difear |
| **Áiseanna** | liathróidí nó rudaí eile is féidir a chaitheamh go sábháilte, boscaí bruscair, ábhair le sonraí a thaifeadadh, uimhirlínte folmha, Balla Codán Mol Mata |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Roinn an rang ina ghrúpaí agus lig do gach grúpa 12 iarracht a dhéanamh liathróid bhog a chaitheamh isteach i mbosca bruscair, ciseán, bosca srl. Déanann siad líon na n-iarrachtaí rathúla a thaifeadadh mar chodán de 12. Iarr orthu a gcuid codán a shimpliú nuair is féidir. Déanfaidh dalta amháin ó gach grúpa a chodán a léiriú agus is féidir iad a eagrú in ord ardaitheach nó ord íslitheach.

### 2 Gníomhaíocht 2

I ngrúpaí caitheann siad an liathróid arís ar feadh thréimhse shonraithe, socraithe ag an mhúinteoir. Ligfidh sé sin do na grúpaí líon iomlán iarrachtaí (ainmneoirí) difriúla a bheith acu. Déanann na grúpaí taifead ar líon na gcaitheamh rathúil mar chodán de líon iomlán na gcaitheamh. Déanann siad an ghníomhaíocht arís ag úsáid rudaí difriúla, amhail málaí pónairí, sleá bhog, liathróid chispheile, dísle cúir nó ábhair ábhartha eile. Déanann siad líon na gcaitheamh rathúil mar chodán de líon iomlán na gcaitheamh a thaifeadadh gach uair. Ansin, cuireann siad a gcuid codán in ord ar uimhirlíne fholamh. Ansin, thig leis na daltaí a gcuid uimhirlínte a chur i gcomparáid le chéile, nó iad a chur san áireamh mar chuid de thacar sonraí an ranga uilig.

Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh arís ag úsáid na láimhe neamhcheannasaí, caitheamh uasbhoise, nó caitheamh íosbhoise.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte: | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad é líon iomlán na gcaitheamh a rinne tú?<br>• Cá mhéad de do chaithimh a bhí rathúil?<br>• Cad é mar a thig leat líon na gcaitheamh rathúil a thaifeadadh mar chodán?<br>• Cad é do chodán ina théarma is simplí?<br>• Cad é an codán is lú/is mó? | • Cad iad na dóigheanna eile ar féidir leat do chodán a scríobh?<br>• Cad é mar a thug tú faoi do chodáin a chur in ord?<br>• Cad é a thug tú faoi deara maidir leis na codáin a chur ar an uimhirlíne? An raibh sé níos fusa nó níos deacra nuair a shimpligh tú do chodáin?<br>• Cad é atá i bpáirt ag d'uimhirlíne i gcomparáid le grúpaí eile?<br>• Cad é a thugann tú faoi deara maidir leis na caithimh a rinne tú le do lámh neamhcheannasach? |

## Difreáil

Socraigh líon na gcaitheamh, raon na gcodán, ainmneoirí agus dóigheanna le sonraí a anailísiú agus a chur i láthair de réir thuiscint na ndaltaí.
Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.